# Cúrsaí Oideachais: Cluastuiscint (Cúrsaí Acadúla)

*TEG B1: Aonad 6*

## A: RÉAMHOBAIR

**Plé ar chúrsaí acadúla**

1. **Ransú smaointe:** Bí ag obair le do pháirtí agus cuirigí liosta le chéile sa bhosca thíos de na hábhair a mbíonn daoine ag déanamh staidéir orthu ar an meánscoil agus ar an ollscoil.

- An Béarla
- An Eolaíocht

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: CLUASTUISCINT

**Daoine ag caint faoi chúrsaí oideachais**

**Tá an traic ar fáil anseo: https://snas.ie/lessons/cursai-oideachais-cursai-acadula**
**Cloisfidh tú gach mír faoi dhó.**

**Mír 1**

| Cé acu de na ráitis seo atá fíor faoi Liam? Bí cúramach – tá níos mó na ceann amháin ceart! | |
|---|---|
| Bhí sé ag múineadh ar feadh tamaill. | |
| Is múinteoir anois é. | |
| Tá staidéar déanta ag Liam ar an eolaíocht agus ar an ngnó. | |
| Tá sé ag obair san earnáil phoiblí anois. | |

**Mír 2**

| Cé acu de na ráitis seo atá fíor? Bí cúramach – tá níos mó na ceann amháin fíor! | |
|---|---|
| Tá Ultan agus Bríd ag freastal ar chúrsa Gearmáinise. | |
| Níl Bríd róthógtha leis an ngramadach. | |
| Tá sé i gceist ag Ultan éirí as an gcúrsa. | |
| Ceapann Ultan go bhfuil an cúrsa dúshlánach. | |
| B'fhearr le hUltan dá gcuirfí níos mó béime ar an stór focal. | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: MACHNAMH

## Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d’fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# AN SCRIPT

### Mír 1 (00:00 – 01:07)

Mary: Dia duit a Liam.

Liam: Dia is Muire duit.

Mary: Anois, cad iad na cáilíochtaí atá agat?

Liam: Rinne mé an Ardteistiméireacht sa bhliain nócha is a cúig. Chuaigh mé ansin go dtí Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus bhain mé céim onóracha san eolaíocht amach. Chuaigh mé ag taisteal ansin ar fud an domhain ar feadh dhá bhliain. Nuair a tháinig mé ar ais rinne mé máistreacht i Maigh Nuad. Chaith mé dhá bhliain ag obair mar theagascóir ansin go dtí go bhfuair mé post mar státseirbhíseach i lár na cathrach sé bliana ó shin. Fuair mé dioplóma sa ghnó anuraidh.

### Mír 2 (01:08 – 02:20)

Bríd: Ó haigh, a Ultain, cén chaoi a bhfuil tú? An bhfuil tú ag dul go dtí an rang Spáinnise anocht?

Ultan: Is dócha! Sílim féin go bhfuil an leibhéal beagán ródheacair dom. An bhfuil tú féin ag dul?

Bríd: Tá. Tá cinnte. Is breá liom an rang, caithfidh mé a rá. D'fhreastail mé ar rang anuraidh agus bhí barraíocht béime ar an scríobh. Is maith liom an rang seo mar bíonn an deis againn labhairt agus a bheith ag cleachtadh.

Ultan: Sin an fhadhb domsa! Bíonn an iomarca cainte ann agus níl mórán d'fhoclóir agam le comhrá ceart a bheith agam le héinne! Mothaím caillte go minic.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# FREAGRAÍ

## Mír 1

| Cé acu de na ráitis seo atá fíor faoi Liam? Bí cúramach – tá níos mó na ceann amháin ceart! | |
|---|---|
| Bhí sé ag múineadh ar feadh tamaill. | Fíor |
| Is múinteoir anois é. | |
| Tá staidéar déanta ag Liam ar an eolaíocht agus ar an ngnó. | Fíor |
| Tá sé ag obair san earnáil phoiblí anois. | Fíor |

## Mír 2

| Cé acu de na ráitis seo atá fíor? Bí cúramach – tá níos mó na ceann amháin fíor! | |
|---|---|
| Tá Ultan agus Bríd ag freastal ar chúrsa Gearmáinise. | Bréagach |
| Níl Bríd róthógtha leis an ngramadach. | Bréagach |
| Tá sé i gceist ag Ultan éirí as an gcúrsa. | Bréagach |
| Ceapann Ultan go bhfuil an cúrsa dúshlánach. | Fíor |
| B'fhearr le hUltan dá gcuirfí níos mó béime ar an stór focal. | Fíor |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad